GAELSCOIL AN tSEANCHAÍ

NUACHTLITIR MEÁN FÓMHAIR 2017

Ar son na foirne ba mhaith liom fáilte a chur roimh gach duine ar ais chun na scoile. Cuireann muid fáilte faoi leith roimh pháistí an Naí-aonaid agus Rang 1 agus roimh theaghlaigh atá ag teacht chun na scoile don chéad uair. Tá súil agam go mbeidh blianta sona romhaibh uilig anseo linn.

On behalf of the staff I would like to welcome everyone back for another school year. A particular welcome is extended to all our Naí-Aonad and Primary One children and our new families. I hope you have many happy years ahead in Gaelscoil an tSeanchaí.

COMHGHAIRDEAS

Cuireann muid fáilte roimh bhaill úr foirne, Rachael Nig Uiginn a bheidh mar mhúinteoir i Rang 5/6 agus roimh Dean Ó Slugháin a bheidh mar mhúinteoir i Rang 6/7. Gabhann muid comhghairdeas ó chroí le Fionnuala agus a fear céile nua a phós i rith an tSamhraidh.

We wish to welcome Rachael Nig Uiginn and Dean Ó Slugháin as new members of staff and warmly congratulate Fionnuala and her new husband who married over the summer.

COSAINT AN PHÁISTE

Is í Orlagh Nic Fhirléinn an múinteoir ainmnithe do Chosaint an Pháiste agus Chúram Tréadach sa scoil agus is í Aedín Ní Ghadhra an múinteoir ainmhnithe sa naíscoil. Má bhíonn ábhar buairimh ar bith ort a bhaineann leis sin is féidir teagmháil a dhéanamh léi sa scoil.

Orlagh Mc Erlane is the designated Child Protection and Pastoral Care officer in the school, Aedín Geary is the designated officer in the nursery. Please contact the appropriate officer if you have any concerns relating to such issues.

CUMARSÁID

Le cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh le tuismitheoirí tá seirbhís téacs in úsáid le tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi dhataí agus ocáidí tabháchtacha sa scoil. Bheinn buíoch díot ach tú a chinntiú go mbíonn an seoladh ríomhphost agus uimhir cheart ag oifig na scoile, beidh gach comhfhreagras déanta fríd r-phost. Ta muid ag cur an chéad litir i mbliana chugaibh mar ríomhphost agus mar chóip chrua. Muna bhfaigheann tú an ríomhphost bheinn buíoch díot ach tú a chinntiú le Anne san oifig go bhfuil an seoladh ceart aici.

Tá suíomh scoile ann agus iarrtar ort amharc air seo go rialta le huasdatú agus eolas a fháil. Deanfaidh múinteoirí uasdhatú ar nuacht a ranga féin ar a laghad uair sa mhí.

We use a text service to allow us to communicate more effectively with parents. The service is used by the school office to remind you of important dates and events. I would be obliged if you would keep the school informed of any change in phone numbers. As we wish to be an environmentally friendly school could you also please ensure that we have an e-mail address for you as all correspondence will be through e-mail. We are sending the first letter of the year by e-mail and hard copy. If you do not receive an e-mail please confirm your e-mail address with Anne in the office.

Please check the school website for information and updates. Teachers will update their own class news on a regular basis.



Iarraim ort do pháiste a fhágáil sa chlós ar na laethanta sin nach bhfuil sé aq cur fearthainne. Piocfaidh na múinteoirí ranga na páistí suas ón chlós. Ba chóir pásití Rang 1 a fhágáil sa rang don téarma seo. Níl cead ag páiste a bheith sa chlós roimh 8:45. Tá Club Bricfeasta ann ó 8:10 - 8:45.

I would like the children to have the opportunity to play in the school yard in the morning. Please leave your child in the yard on dry days. The class teachers will then pick their class up from the yard. Primary 1 children should be left to their class for the first term. Children are not permitted in to the school yard before 8:45. Breakfast Club runs from 8:10 - 8:45.



TINREAMH AGUS PONCÚLACHT

Tá an-tábhacht le tinreamh rialta agus poncúlacht. Téann droch thinreamh agus phoncúlacht go mór i bhfeidhm ar ghnothachtáil. Is fiú a thabhairt faoi d'aird gurb ionann tinreamh de 90% agus 2 ½ seachtaine caillte ar scoil sa bhliain.

We place a high value on regular attendance and punctuality. Irregular attendance and lack of punctuality can all serve to undermine educational achievement. It is worth noting that while 90% attendance may appear to be satisfactory it actually equates to missing 2 ½ full weeks of school.

COSC AR PHÁIRCEÁIL

Ní cheadaítear ach tuismitheoirí/caomhnóirí páiste, a bhfuil bac fisiceach orthu, pairceáil ar shuíomh na scoile. Duine ar bith eile ar mhaith leo pairceáil ar an suíomh ní mór dóibh cead a iarraidh ó Bhord na nGobharnóirí.

I wish to remind you that only parents/carers of a child with a physical disability will be permitted to park on the school grounds. Anybody else with sound reason wishing to park must apply for permission from the Board of Governors. Your co-operation is appreciated.

COINNE LE MÚINTEOIRÍ

Ba mhaith liom cur i gcuimhne do thuismitheoirí go bhfuil fáilte romhaibh teagmháil a dhéanamh leis an scoil má bhíonn ábhar buairimh ar bith ort faoi do pháiste. Iarrtar ort, áfach, coinne a dhéanamh in oifig na scoile má tá tú ag iarraidh bualadh le múinteoir do pháiste. Bíonn cúramaí eile ar mhúinteoirí taobh amuigh de chúramaí teagaisc agus mar sin de ní féidir le tuismitheoirí a bheith ag brath ar chruinniú gan choinne.

Má bhíonn ábhar gearáin ar bith agat iarrtar ort polasaí na scoile a leanstan.

I would like to remind parents that you are free to contact the school at any time if you have concerns regarding your child. You are asked, however, to make an appointment through the school office if you wish to discuss any issue with your child's teacher. As well as teaching commitments each member of staff has extra-curricular duties and, as a result, anyone turning up without an appointment is unlikely to be seen.

If you wish to make a complaint you are kindly asked to follow the school's complaint procedure as laid out in the school's complaints policy.

- **Tá suíomh idirlíne nua- bhunaithe ann www.irishforparents.ie agus mholfainn daoibh cuairt a thabhairt air agus an deis agat. I measc rudaí eile is cosúil go mbeidh beidh cuidiú bheo ann le ceisteanna faoin obair bhaile a fhreagairt idir 4-6 p.m. Luan go Déardaoin i rith an téarma scoile**

A new website for parents has just been launched www.irishforparents.ie and I would recommend that you visit this site if you get a chance. Amongst other things there will be two teachers available, Mon-Thurs 4-6pm, to answer questions and offer advice in relation to homework.

SNÁMH

Beidh Rang 5/6 ag dul a shnámh gach Luan agus Rang 6/7 gach Déardaoin. Iarrtar ar thuismitheoirí pháistí Rang 6/7 páistí a bhailiú ag an linn snámha ar 14:50 nó ag an scoil ar 15:00. Beidh costas £20 in aghaidh an téarma air.

Primary 5/6 will be going swimming every Monday and Rang 6/7 every Thursday. Parents of Rang 6/7 children are kindly asked to collect children at the pool at 14:50 or at the school at 15:00.

It will cost £20 per term.

CULAITH SCOILE

Ní mór do pháistí culaith iomlán scoile a chaitheamh achan lá. Caithfidh gruaig fhada a tharraingt siar.

Children are expected to wear full school uniform at all times. Long hair must always be tied back and only stud earrings are allowed.

CRUINNITHE

Beidh cruinnithe curaclaim ann Mí Mheán Fómhair. Fch. Dataí do do Dhialann. Iarraim ort freastal a dhéanamh ar na cruinnithe sin. Beidh múinteoirí ag cur ceardlainne Matamaitice, Litearthachta agus TFC ar fáil i rith na bliana agus iarraim ort freastal a dhéanamh orthu siúd agus obair i gcomhpháirt linn oideachas a chur ar fáil do do pháiste.

Beidh cruinnithe le tuismitheoirí ann ar an Aoine 24 Samhain.

Curriculum meetings will be held in September, please refer to Dates for Your Diary. This meeting will provide you with information regarding the topics children will cover this year and ways you may help them. Please make every effort to attend. Teachers will also be providing Maths, Literacy and ICT workshops over the course of the year and I encourage you to attend and work in partnership with us in educating your child.

BAINNE

Beidh bainne ar fáil do na páistí ar chostas £10 go dtí an Nollaig nó £30 don bhliain.

Milk will be provided for the children at a cost of £10 until Christmas or £30 for the year.

BIA FOLLÁIN

Mar scoil a chuireann saol folláin chun cinn cuireann muid cosc ar mhilseán, brioscáin phrátaí, agus deochanna lán siúcra. Tá cead ag páiste rud speisialta amháin a bheith acu gach Aoine – 'Aoine AOibhinn'.

Gaelscoil an tSeanchaí promotes healthy eating. Sweets, crisps, and sugary drinks and snacks are not allowed in school. Children are allowed one small treat on a Friday-'Aoine Aoibhinn'.

RANNÍOCAÍOCHT DHEONACH

Ar an drochuair, tá an rialtas i ndiaidh buiséad scoileanna a bhí faoi bhrú cheana féin a laghdú agus £56 an pháiste a ghearradh uainn. Leis an bhearna sin a líonadh tá mé ag iarraidh go ndéanfá ranníocaíocht dheonach de £25 an pháiste nó £40 an teaghlaigh.

Níl mé sásta go gcaithfidh mé seo a iarraidh ach bheinn buíoch díot as do chuid tuisceana.

Unfortunately, the government has chosen to further reduce school budgets which are already under severe pressure and has cut an additional £56 per child. To lessen the impact, I am asking that you please make a voluntary contribution of £25 per child or £40 per family.

I resent the need to have to make this request but your assistance and understanding would be very much appreciated.

COSC AR CHNÓNNA

Tá páistí sa scoil a bhfuil ailléirge chnó orthu agus mar sin de tá cosc iomlán ar chnónna nó bia ar bith a bhfuil cnónna iontu.

There are children in the school who have severe nut allergies, therefore, nuts and foods containing nuts are strictly prohibited in school.

BÉILÍ SCOILE

Tá páistí i Ranganna 1-7 i dteideal béilte saora má fhaigheann tuismitheoir creidmheasanna cánach nó liúntas tacaíchta ioncaim, agus ioncaim níos lú na £16,190 a bheith acu. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh an Údaras Oideachais www.eani.org.uk. **Cuir isteach orthu má shíleann tú go bhfuil seans ann go bhfuil tú ina dteideal.**

Tabhair do d'aire go mbíonn buiséad na scoile ag brath go mór ar an líon páistí sa scoil a fhaigheann béilte saora. Tá sé iontach tábhachtach go bhfaigheann an scoil a cuid teidlíochta airgeadais agus go gcuireann tú isteach orthu.

Children in Primary 1-7 are entitled to free school meals if their parents are in receipt of Income Support or working tax credits, with a taxable income of less than £16,190. Application forms are available on the Education Authority's website www.eani.org.uk. Please apply if you feel you may be entitled to them

Please note: the school budget can be significantly affected by the number of children who are entitled to free school meals. If your child is entitled and you do not make a claim the schools budget will be less than it should be. It is vital that the school receives its full financial entitlement

DINNÉAR SCOILE

Tá costas £2.60 ar dhinnéar na scoile nó £13.00 don tseachtain. Níor chóir go raibh tuismitheoirí ag dúil is go bhfaighidh páistí dinnéar scoile gan díol as roimhré. Ní féidir leis an scoil glacadh leis an chostas sin.

Déan neamhspleáchas a chothú agus tabhair airgead dinnéar do do pháiste i gclúdach le hainm do pháiste agus meid airgid scríofa air. Ní ghlacfaidh Anne le hairgead ar maidin.

School dinners now cost £2.60 per day or £13.00 per week for children in Primary 1-7. Parents should not expect a child to have a school dinner that has not been paid for in advance. The school cannot sustain non-payment of dinners.

Please encourage independence and give dinner money in an envelope to your child to give to the class teacher, marked with child's name and amount. Anne will not be collecting dinner money in the morning.

GUTHÁIN

Níl cead ag páistí gutháin nó gléasanna d'aon chineál a bheith leo ar scoil. Má thagtar ar dhalta le gléas bainfear do/di é agus beidh ar thuismitheoir/chaomhnóir a bhailiú. Ó am go chéile, i gcásanna eisceachtúla, má shíleann tú go bhfuil gá ag do pháiste le guthán, caithfidh iarratas scríofa a thabhairt roimh ré don mhúinteoir ranga. Sna cásanna sin glacfaidh an múinteoir an guthán ó do pháiste ar maidin agus tabharfaidh sé/sí ar ais dó/di é tráthnóna.

Children are not permitted to bring phones or devices of any description to school. If a pupil is found with a device it will be confiscated and will not be returned until it is collected by a parent/guardian. If in exceptional circumstances you feel your child will need to bring a phone to school a written request must be made with the class teacher, who will take the phone from your child and return it at 3:00pm.

FÉILIRE SCOILE

Mar eolas duit, seolaim chugat cóip den fhéilire scoile. Iarraim ort na dátaí seo a chur san áireamh agus tú ag socrú saoire teaghlaigh. Níor tugadh dáta dúinn go fóill don Chéad Chomaoineach nó don Chóineartú.

I enclose for your information a copy of our school calendar for the new academic year, and I ask if parents could bear these dates in mind when arranging family holidays. We have not yet been given a date for Confirmation or First Holy Communion.

CLUBANNA

Tosóidh an Club Bricfeasta agus an Club 2-3 ar an Luan 11ú Meán Fómhair, tosóidh na cumainn iarscoile eile ar an Mháirt 19 Meán Fómhair.

The Breakfast Club and 2-3 Club will resume on Monday 11 September, other after-school activities will begin on Tuesday 19 September.

BÍ ULLMAITHE DON LÁ SCOILE

Is ríthabhachtach an rud é go dtagann páistí chun na scoile leis an trealamh atá de dhíth orthu don lá sin. Má thagann páistí chun na scoile gan ghiar ceart leo beidh siad ag fanacht i seomra ranga eile le linn an cheachta sin. Ar an ábhar go bhfuil an scoil ag fás ní féidir linn coinneáil ag cur scairt chun abhaile.

It is very important children come to school with the gear and equipment they need for that day. Children who come to school without P.E. or swimming gear will be asked to stay with another class for the duration of that activity. As the school is growing we are no longer in the position of being able to make reminder phone calls home.

RANGANNA GAEILGE

Beidh Glór Mhachaire Fíolta ag reachtáil ranganna sa scoil ag tosú ar an Chéadaoin 20 Meán Fómhair 19:30- 21:00. Is deis iontach í seo bualadh le tuismitheoirí eile chomh maith le Gaeilge a fhoghlaim.

Glór Mhachaire Fíolta will be running Irish classes in the school starting on Wednesday 20 September 19:30- 21:00. This is the perfect opportunity to meet other parents as well as learn Irish.

Mar fhocal scoir, tá súil agam go mbainfidh gach duine sult as bliain shona i nGaelscoil an tSeanchaí agus tá mé cinnte de go mbainfidh do pháiste tairbhe as na deiseanna a chuirfear ar fáil dó/di anois agus amach anseo. Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh liom má tá ábhar ar bith ann ar mhaith leat a phlé liom. Tá mé ag dúil go mór bheith ag obair leat agus le do pháiste.

To conclude, I hope that everyone in Gaelscoil an tSeanchaí will enjoy another happy and fruitful year and I am confident your child will benefit from the excellent academic and extra-curricular opportunities provided for him/her at this school now and in the future. Please feel free to contact me if there are any issues you wish to discuss. I look forward to working with you and your child.

Le meas,

Deirdre Nic Suibhne